

Téann Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS (GSA – dá ndéanfar EUSPA sa todhchaí) i mbun na hoifige.

GSA/PR/20/11 Prág, 16 Deireadh Fómhair 2020

An 16 Deireadh Fómhair 2020, chuaigh Rodrigo da Costa i mbun a chuid dualgas mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA, dá ndéanfar Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) go luath). Rinne Bord Riaracháin GSA é a thoghadh an 15 Meán Fómhair 2020 agus bhuail sé le Coiste Pharlaimint na hEorpa um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh an 12 Deireadh Fómhair 2020.

Is náisiúnach de chuid na Portaingéile é an tUas. da Costa, a d'oibrigh i roinnt tíortha den Aontas roimhe seo. Chuaigh sé isteach i GSA mar Bhainisteoir ar Chlár Seirbhísí Galileo i mí an Mhárta 2017. Sa ról sin, bhí sé freagrach as Galileo, córas satailíte domhanda an Aontais, a stiúradh le linn chéim soláthar seirbhíse an chórais. Roimhe seo, shealbhaigh sé roinnt post sinsearach bainistíochta tionscadal, forbartha gnó agus bainistíochta cuntas institiúideach sa tionscal spáis, ag obair dó i réimsí na spáseilite daonna, na taiscéaláíochta, na lainseálaithe agus an taighde agus na forbartha.

Oibreoidh an tUas. da Costa anois ar Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) a dhéanamh de GSA. Áiritheoidh sé go leanfar le gníomhaíochtaí reatha na Gníomhaireachta a chur i gcrích go rathúil agus tabharfaidh sé faoi na gníomhaíochtaí nua a theastaíonn chun sainordú nua na Gníomhaireachta a chomhlíonadh.

Ó bunaíodh an Gníomhaireacht sa bhliain 2004, rinne GSA rannchuidiú ollmhór le clár shuaitheanta shatailíte an Aontais ar a dtugtar Galileo agus EGNOS, rud a chuir go mór le neamhspleáchas agus fás geilleagrach an Aontais. Agus pearsanra ardoilte an-tiomanta aici, chuir an Gníomhaireacht borradh faoi nuálaíocht, chothaigh sí fiontraíocht, stiúir sí soláthar seirbhíse, agus spreag sí geilleagar an Aontais, go háirithe trína áirithiú go nglacfaí le Galileo agus EGNOS ar fud raon leathan deighleog den mhargadh, a bhuí leis na seirbhísí satailíte slána ardchaighdeán atá i gceist leo. Ag breathnú go géar romhainn, cuirfidh EUSPA arís eile leis an obair a rinne GSA agus glacfaidh an Gníomhaireacht le freagrachtaí nua breise as comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le Copernicus (clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne), agus le GOVSATCOM (córas slán cumarsáide satailíte an Aontais).

Ag labhairt dó faoina chuid dualgas nua, dúirt an tUas. da Costa: “Is é foireann sárghairmithe tiomanta a stiúradh an phríomhchuid de ról an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht. Táim an-tógtha faoin deis atá againn EUSPA a thógáil ina Gníomhaireacht rathúil a dhéanfaidh rannchuidiú tábhachtach le Clár Spáis an AE. Táim ag tnúth go mór le hobair i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí uile. Cé go bhfuil cúram ollmhór orainn, tá muintín agam go mbeimid in ann ár gcuid féin a dhéanamh, á léiriú do shaoránaigh an Aontais cé na nithe is féidir linn a bhaint amach le chéile i ngníomhaíochtaí spáis an Aontais mar GSA/EUSPA.”

Sealbháonn an tUas. da Costa céim in Innealtóireacht Aerospáis ó Instituto Superior Técnico i Liospóin, céim Mháistreachta in Innealtóireacht Aerospáis ó Ollscoil Delft agus céim Mháistreachta i Riarachán Gnó ó chuibhreannas Scoileanna Gnó EuroMBA.

“Trí leas a bhaint as sócmhainní Chlár Spáis an Aontais chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais, déanfaidh EUSPA rannchuidiú tábhachtach le nuálaíocht agus fás geilleagrach an Aontais. Trí na cúraimí reatha atá ar GSA maidir le soláthar seirbhíse, maidir le slándáil agus maidir le glacadh an mhargaidh le EGNOS agus Galileo, agus trí na cúraimí nua a bheidh ar an nGníomhaireacht maidir le Córais Dhomhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), maidir le Copernicus agus maidir le GOVSATCOM, beidh EUSPA in ann ról lárnach a imirt i mborradh eile a chur faoi úsáid teicneolaíochtaí spáis ar fud Aontas na 27 agus lasmuigh de araon. Táim cinnte de go n-éireoidh go geal le Rodrigo ina phost nua,” a dúirt Alberto Tuozi, Cathaoirleach Gníomhach ar Bhord Riaracháin GSA.

[Gheobhaidh tú nasc thíos chuig físaigallamh gearr a rinneadh leis an Uas. da Costa.](#)

Maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA)

Is í an Gníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA) an Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá i gceannas ar oibríochtaí, slándáil agus soláthar seirbhíse a bhainistiú do Galileo agus EGNOS, ar Córais Dhomhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte iad. Ag obair di i gcomhar le geallsealbhóirí, leis an tionscal, le soláthraithe seirbhíse agus le pobail úsáideoirí, áirithíonn an Gníomhaireacht an toradh is airde ar an infheistíocht a dhéantar i gCórais Dhomhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte, rud a chuireann leis na tairbhí a bhaineann saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa as feidhmchláir spáis, a chuireann borradh faoi nuálaíocht agus faoi iomaíochas agus a áirithíonn fás geilleagrach inbhuanaithe. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig [suíomh gréasáin GSA](#).

Tuilleadh faisnéise:

Cristina Comunian
GSA Communications Officer
Cristina.COMUNIAN@gsa.europa.eu
Tel. +420 234 766 780
Mobile: +420 778 537 344

Marie Ménard
GSA Communications Officer
Marie.Menard@gsa.europa.eu
Tel +420 237 766 627
Mobile: +420 602 619 776